2026/2624

24.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2624 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Samhain 2026

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha nó críocha, nó criosanna de thríú tír nó críoch, atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1), pointe (b) agus Airteagal 232(3), pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach bhfuil teacht isteach coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha nó críocha san Aontas le ceadú ach amháin má liostaítear na tríú tíortha nó na críocha lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha, ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe dobharshaothraithe.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha, nó criosanna de thríú tír nó críoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) In Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, de chríocha, nó criosanna de thríú tír nó críoch atá údaraithe, faoi seach, maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Tá fógra tugtha ag Ceanada don Choimisiún faoi 14 ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcúigí Alberta, British Columbia, Manitoba, Saskatchewan agus Quebec, ráigeanna a deimhníodh idir an 30 Deireadh Fómhair 2026 agus an 16 Samhain 2026 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear d'ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(6) Tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe don Choimisiún faoi sheacht ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcontaetha East Riding of Yorkshire, Lancashire, Lincolnshire, agus Norfolk, i Sasana, agus i limistéar comhairle Orkney, in Albain, ráigeanna a deimhníodh idir an 4 Samhain 2026 agus an 12 Samhain 2026 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(7) Tá fógra tugtha ag na Stáit Aontaithe don Choimisiún faoi sheacht ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit California, Idaho, Kansas, Oregon, South Dakota, Utah agus Washington, ráigeanna a deimhníodh idir an 4 Samhain 2026 agus an 12 Samhain 2026 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(8) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí, thug údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe fógra faoi bhunú criosanna srianta 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí atá buailte agus faoi chur chun feidhme beartais díothaithe chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(9) Tá faisnéis bhreise curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha féin agus maidir leis na bearta a rinneadh chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí.

(10) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, is iomchuí teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas ó na limistéir lena mbaineann na ráigeanna nua sna tríú tíortha sin a chur ar fionraí chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, agus na dátaí a deimhníodh na ráigeanna á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe sna táblaí a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(11) Ina theannta sin, tá faisnéis nuashonraithe soláthartha don Choimisiúin ag Ceanada maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a críoch a mhéid a bhaineann le trí ráig a bhí ann roimhe seo den fhliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a chur ar fionraí san Aontas, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(12) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis a bhí ann roimhe seo, tá an Coimisiún curtha ar an eolas ag Ceanada go raibh beartas díothaithe curtha chun feidhme aige chun leathadh an ghalair sin a rialú agus chun teorainn a chur leis, agus go raibh na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích aige freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme.

(13) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada faoina bhráid i ndáil leis sin agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha aige nach bagairt do shláinte ainmhithe ná do shláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas a chur ar fionraí ó na criosanna atá buailte, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna de Cheanada atá buailte, óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, gur cheart é a athúdarú. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada sna táblaí sin sna hIarscríbhinní sin a leasú dá réir.

(14) Agus na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á gcur san áireamh agus chun aon chur isteach neamhriachtanach ar thrádáil le Ceanada a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.280, CA-2.281 agus CA-2.282:

‘**CA** Ceanada	CA-2.280	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		11.11.2026	
	CA-2.281		N, P1		11.11.2026	
	CA-2.282		N, P1		11.11.2026’	

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.292 agus CA-2.293:

‘**CA** Ceanada	CA-2.292	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		6.11.2026	
	CA-2.293		N, P1		6.11.2026’	

(iii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.295 agus CA-2.296:

‘**CA** Ceanada	CA-2.295	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		12.11.2026	
	CA-2.296		N, P1		12.11.2026’	

(iv) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.342:

‘**CA** Ceanada	CA-2.342	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		21.9.2026	13.11.2026’

(v) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.345 agus CA-2.346:

‘**CA** Ceanada	CA-2.345	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		25.9.2026	13.11.2026
	CA-2.346		N, P1		1.10.2026	14.11.2026’

(vi) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.356 go CA-2.366 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.355:

'**CA** Ceanada	CA-2.356	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		30.10.2026	
	CA-2.357		N, P1		1.11.2026	
	CA-2.358		N, P1		5.11.2026	
	CA-2.359		N, P1		4.11.2026	
	CA-2.360		N, P1		5.11.2026	
	CA-2.361		N, P1		9.11.2026	
	CA-2.362		N, P1		10.11.2026	
	CA-2.363		N, P1		12.11.2026	
	CA-2.364		N, P1		16.11.2026	
	CA-2.365		N, P1		16.11.2026	
	CA-2.366		N, P1		14.11.2026'	

(vii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.474 go GB-2.480 tar éis na rónna le haghaidh chrios GB-2.473:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.474	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		4.11.2026	
	GB-2.475		N, P1		7.11.2026	
	GB-2.476		N, P1		7.11.2026	
	GB-2.477		N, P1		9.11.2026	
	GB-2.478		N, P1		11.11.2026	
	GB-2.479		N, P1		12.11.2026	
	GB-2.480		N, P1		12.11.2026'	

(viii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1437 go US-2.1443 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1436:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.1437	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		4.11.2026	
	US-2.1438		N, P1		4.11.2026	
	US-2.1439		N, P1		4.11.2026	
	US-2.1440		N, P1		5.11.2026	
	US-2.1441		N, P1		6.11.2026	
	US-2.1442		N, P1		6.11.2026	
	US-2.1443		N, P1		12.11.2026'	

(b) leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna CA-2.356 go CA-2.366 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.355:

'Ceanada	CA-2.356	Alberta – Latitude 52.76, Longitude -113.08 The municipalities involved are: 3km PZ: Wetaskiwin 10km SZ: Camrose, Ferintosh, Maskwacis, Ponoka, Samson, and Wetaskiwin
	CA-2.357	Manitoba – Latitude 50.27, Longitude -98.061 The municipalities involved are: 3km PZ: Portage la Praire 10km SZ: Delta Beach, High Bluffs, Oakland, Portage la Praire, and Saint Marks
	CA-2.358	Quebec – Latitude 47.02, Longitude -70.8 The municipalities involved are: 3km PZ: L'Île-d'Orléans, Sainte-Famille-de-Îled'Orléans and Saint-Jean-de-l'Île-d'Orléans 10km SZ: L'Île-d'Orléans, Saint-François-del'Île-d'Orléans, Sainte-Famille-de-l'Îled'Orléans, Saint-Jean-de-l'Île-d'Orléans, Saint-Laurent-de-l'Île-d'Orléans, and Saint-Pierre-del'Île-d'Orléans
	CA-2.359	Alberta – Latitude 53.91, Longitude -113.71 The municipalities involved are: 3km PZ: Sturgeon, Vimy and Westlock 10km SZ: Alcomdale, Busby, Legal, Pickardville, Sturgeon, Vimy and Westlock
	CA-2.360	Alberta – Latitude 52.76, Longitude -114.55 The municipalities involved are: 3km PZ: Bluffton and Ponoka 10km SZ: Bluffton, Clearwater, Hoadley, Ponoka, Wetaskiwin
	CA-2.361	Alberta – Latitude 54.49, Longitude -113.86 The municipalities involved are: 3km PZ: Westlock County 10km SZ: Westlock County, Lesser Slave River
	CA-2.362	Saskatchewan – Latitude 52.28, Longitude -105.76 The municipalities involved are: 3km PZ: Bayne 10km SZ: Bayne, Grant, Prud'homme
	CA-2.363	Saskatchewan – Latitude 52.15, Longitude -102.,66 The municipalities involved are: 3km PZ: Endeavor and Preeceville 10km SZ: Endeavor, Hinchliffe, Preeceville, Usherville
	CA-2.364	Manitoba – Latitude 49.89, Longitude -97.52 The municipalities involved are: 3km PZ: Cartier and St. François Xavier 10km SZ: Cartier, Dacotah, Headingley, Macdonald, Rosser, Springstein, St. François Xavier
	CA-2.365	Alberta – Latitude 50.71, Longitude -113.36 The municipalities involved are: 3km PZ: Mossleigh and Vulvan 10km SZ:Blackie, Foothills, Mossleigh and Vulvan
	CA-2.366	Saskatchewan – Latitude 54, Longitude -108.91 The municipalities involved are: 3km PZ: Loon Lake 10km SZ: Loon Lake, Makwa, Meadow Lake'

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna GB-2.474 go GB-2.480 tar éis na tuairisce ar chrios GB-2.473:

'An Ríocht Aontaithe	GB-2.474	near Brigg, North Lincolnshire, Lincolnshire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N53.50 and Long: W0.53
	GB-2.475	near Garstang, Wyre, Lancashire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N53.90 and Long: W2.88
	GB-2.476	near Pocklington, East Riding of Yorkshire, East Riding of Yorkshire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N53.88 and Long: W0.90
	GB-2.477	near Dersingham, King's Lynn and West Norfolk, Norfolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.82 and Long: E0.56
	GB-2.478	near Market Rasen, West Lyndsey, Lincolnshire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N53.38 and Long: W0.49
	GB-2.479	near Dereham, Breckland, Norfolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.76 and Long: E0.87
	GB-2.480	near Stromness, Orkney, Scotland, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N58.98 and Long: W3.30'

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.1437 go US-2.1443 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.1436:

'Na Stáit Aontaithe	US-2.1437	State of Oregon Clackamas 04 Clackamas County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 122.8271753°W 45.3596792°N)
	US-2.1438	State of Washington Pierce 09 Pierce County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 122.5189246°W 46.9790624°N)
	US-2.1439	State of South Dakota Beadle 23 Beadle County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.9602797°W 44.7087578°N)

	US-2.1440	State of Idaho Gooding 04 Gooding County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 114.7966023°W 42.8142361°N)
	US-2.1441	State of California Placer 04 Placer County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 121.1442019°W 38.9218822°N)
	US-2.1442	State of Kansas Greeley 02 Greeley County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 101.8033364°W 38.5675828°N)
	US-2.1443	State of Utah Cache 07 Cache County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 111.8641641°W 41.6574400°N)’

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.280, CA-2.281 agus CA-2.282:

‘**CA** Ceanada	CA-2.280	POU, RAT	N, P1		11.11.2026	
		GBM	P1		11.11.2026	
	CA-2.281	POU, RAT	N, P1		11.11.2026	
		GBM	P1		11.11.2026	
	CA-2.282	POU, RAT	N, P1		11.11.2026	
		GBM	P1		11.11.2026’	

(b) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.292 agus CA-2.293:

‘**CA** Ceanada	CA-2.292	POU, RAT	N, P1		6.11.2026	
		GBM	P1		6.11.2026	
	CA-2.293	POU, RAT	N, P1		6.11.2026	
		GBM	P1		6.11.2026’	

(c) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.295 agus CA-2.296:

‘**CA** Ceanada	CA-2.295	POU, RAT	N, P1		12.11.2026	
		GBM	P1		12.11.2026	
	CA-2.296	POU, RAT	N, P1		12.11.2026	
		GBM	P1		12.11.2026’	

(d) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.342:

‘**CA** Ceanada	CA-2.342	POU, RAT	N, P1		21.9.2026	13.11.2026
		GBM	P1		21.9.2026	13.11.2026’

(e) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.345 agus CA-2.346:

‘**CA** Ceanada	CA-2.245	POU, RAT	N, P1		25.9.2026	13.11.2026
		GBM	P1		25.9.2026	13.11.2026
	CA-2.246	POU, RAT	N, P1		1.10.2026	14.11.2026
		GBM	P1		1.10.2026	14.11.2026’

(f) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.356 go CA-2.366 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.355:

‘**CA** Ceanada	CA-2.356	POU, RAT	N, P1		30.10.2026	
		GBM	P1		30.10.2026	
	CA-2.357	POU, RAT	N, P1		1.11.2026	
		GBM	P1		1.11.2026	
	CA-2.358	POU, RAT	N, P1		5.11.2026	
		GBM	P1		5.11.2026	
	CA-2.359	POU, RAT	N, P1		4.11.2026	
		GBM	P1		4.11.2026	
	CA-2.360	POU, RAT	N, P1		5.11.2026	
		GBM	P1		5.11.2026	
	CA-2.361	POU, RAT	N, P1		9.11.2026	
		GBM	P1		9.11.2026	
	CA-2.362	POU, RAT	N, P1		10.11.2026	
		GBM	P1		10.11.2026	
	CA-2.363	POU, RAT	N, P1		12.11.2026	
		GBM	P1		12.11.2026	
	CA-2.364	POU, RAT	N, P1		16.11.2026	
		GBM	P1		16.11.2026	
	CA-2.365	POU, RAT	N, P1		16.11.2026	
		GBM	P1		16.11.2026	
	CA-2.366	POU, RAT	N, P1		14.11.2026	
		GBM	P1		14.11.2026’	

(g) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.474 go GB-2.480 tar éis na rónna le haghaidh chrios GB-2.473:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.474	POU, RAT	N, P1		4.11.2026	
		GBM	P1		4.11.2026	
	GB-2.475	POU, RAT	N, P1		7.11.2026	
		GBM	P1		7.11.2026	
	GB-2.476	POU, RAT	N, P1		7.11.2026	
		GBM	P1		7.11.2026	

	GB-2.477	POU, RAT	N, P1		9.11.2026	
		GBM	P1		9.11.2026	
	GB-2.478	POU, RAT	N, P1		11.11.2026	
		GBM	P1		11.11.2026	
	GB-2.479	POU, RAT	N, P1		12.11.2026	
		GBM	P1		12.11.2026	
	GB-2.480	POU, RAT	N, P1		12.11.2026	
		GBM	P1		12.11.2026’	

(h) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1437 go US-2.1443 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1436:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.1437	POU, RAT	N, P1		4.11.2026	
		GBM	P1		4.11.2026	
	US-2.1438	POU, RAT	N, P1		4.11.2026	
		GBM	P1		4.11.2026	
	US-2.1439	POU, RAT	N, P1		4.11.2026	
		GBM	P1		4.11.2026	
	US-2.1440	POU, RAT	N, P1		5.11.2026	
		GBM	P1		5.11.2026	
	US-2.1441	POU, RAT	N, P1		6.11.2026	
		GBM	P1		6.11.2026	
	US-2.1442	POU, RAT	N, P1		6.11.2026	
		GBM	P1		6.11.2026	
	US-2.1443	POU, RAT	N, P1		12.11.2026	
		GBM	P1		12.11.2026’	